

Údarás na Gaeltachta: Athbhreithniú 2014

Lánchosc 26 Eanáir 6.00r.n.

**Ráiteas eisithe ag Anna Ní Ghallachair, Cathaoirleach agus Steve Ó Cúláin,
Príomhfheidhmeannach, Údarás na Gaeltachta**

- **737 post nua cruthaithe, an líon is airde cruthú poist le 5 bliana**
- **7,682 post i gcliantchomhlachtaí ag deireadh na bliana**
- **Tograí nua ceadaithe ina gcruthófar 519 post nua, le hinfeistíocht de €42m**
- **Méadú 6% ar dhíolacháin agus ardú 6% ar easpórtáil i gcliantchomhlachtaí**
- **Naoi gCeanneagraíocht ag cur tús le plean teanga dá Limistéar Pleanála Teanga**

Athbhreithniú ar 2014

Cruthaíodh 737 post nua lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis in 2014, an líon is airde cruthú poist ó bhí 2008 ann. Bhí 7,682 post i gcliantchomhlachtaí an Údaráis ag deireadh na bliana, comhdhéanta de 7,053 post lánaimseartha and 629 post páirtaimseartha. Nuair a thógtar líon na bpost lánaimseartha a cailleadh san áireamh, bhí glanmhéadú de 84 post ar an bhliain roimhe i gceist.

Tháinig borradh le linn 2014 ar imeachtaí agus ar na céimeanna ullmhúcháin a bhaineann leis an phróiseas pleanála teanga. Faoi dheireadh na bliana bhí naoi gCeanneagraíocht roghnaithe le tabhairt faoi phleananna teanga a réiteach sna naoi Limistéar Pleanála Teanga a fógraíodh le linn na bliana. Ag deireadh na bliana d'fhógair An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta liosta de bhailte a d'fhéadfadh a bheith aitheanta mar Bhailte Seirbhíse Gaeltachta faoi Acht na Gaeltachta 2012. Díreofar mar thús ar chathair na Gaillimhe, Leitir Ceanainn agus Daingean Uí Chúis.

Fostaíocht sa Ghaeltacht

Is comhartha dóchais é an fás a tháinig ar an leibhéal cruthú fostaíochta le linn na bliana, an méid is mó fáis le cúig bliana anuas. Léiríonn na figiúirí fostaíochta gur mhéadaigh an líon post sna hearnálacha bia agus deoch, feistí leighis, feirmeoireacht éisc agus

saindéantúsaíocht don chuid is mó. D'ardaigh an leibhéal díolacháin i gcomhlachtaí easpórtála agus an fhostaíocht sna comhlachtaí sin dá réir.

Thosaigh 28 gnó as an nua sa Ghaeltacht le linn na bliana agus bhí os cionn 100 duine fostaithe sna gnóthaí sin cheana féin ag deireadh na bliana. Lena chois sin, is údar mór dóchais an fhógra a rinne Radox Laboratories i mí na Samhna go bhfuil sé beartaithe aige infheistíocht shuntasach de €25milliún a dhéanamh ina áis ghnó ar an Chlochán Liath i gCo. Dhún na nGall agus an líon post a mhéadú ó 66 go 540 faoi 2020.

Dúirt Príomhfheidhmeannach an Údaráis, Steve Ó Cúláin, “ Tá muid thar a bheith sásta gur tháinig ardú suntasach ar an méid post a cruthaíodh anuraidh agus gur éirigh leis an Údarás na spriocanna a bhí leagtha síos dó ag an Rialtas ó taobh cruthú fostaíochta agus ceadú tograí nua a bhaint amach. An dúshlán atá romhainn anois ná tógáil ar an mbunsraith seo, agus tograí agus infheistíochtaí nua a mhealladh chun na Gaeltachta.”

Tharla cailliúintí poist i roinnt comhlachtaí de réir mar athraíodh treo an ghnó agus mar d'athraigh cúinsí gnó agus margaí na gcomhlachtaí sin. Ba mhór an tionchar a bhí ag na cailliúintí poist a tharla i gceantar Ghaoth Dobhair le linn na bliana ach go háirithe. Anuraidh dúnadh aonad táirgeachta an chomhlachta Largo Foods i nGaoth Dobhair, d'aistrigh an comhlacht Nuance a ghnó go Londain, agus lig an comhlacht SIOEN le roinnt dá fhostaithe, rud a chiallaigh gur cailleadh 164 post sa cheantar. Cé go mbíonn cailliúint poist i gceist gach bliain, nuair a tharlaíonn líon ard acu in aon cheantar amháin, bíonn tionchar an-diúltach aige ar an chomharsanacht sin.

Agus é ag tagairt don líon post a cailleadh, dúirt an Príomhfheidhmeannach, “Caithfear aird a tharraingt ar an bhuille trom a fuair ceantar Ghaoth Dobhair nuair a cailleadh líon ard post ansin anuraidh agus tá gach iarracht a dhéanamh ag an Údarás malairt infheistíochta agus deiseanna fostaíochta a mhealladh le lonnú ar an bPáirc Ghnó ansin. Ar ndóigh, cruthaíonn easnaimh san infreastruchtúr, i soláthar leathanbhanda ar chostas iomaíoch, agus ganntanas foirgintí gnó d'ardchaighdeán constaicí le tograí a mhealladh chuig ceantar tuaithe. Cé go bhfuil an píblíne tograí folláin, caithfear breis acmhainní a chur ar fáil chun na tograí agus na poist seo a mhealladh chun na Gaeltachta.”

Dúirt sé fosta, “Fáiltíonn muid roimh an fócas neartaithe atá á chur ag an Rialtas ar pholasaithe faoi leith a dhíríonn ar fhorbairt fiontraíochta agus fostaíochta go réigiúnach agus beidh muid ag obair lenár gcomheagraíochtaí an Gníomhaireacht Forbartha Tionscail (Eire) agus Fiontraíocht Éireann agus ag feitheamh ar dheiseanna forbartha don Ghaeltacht dá bharr.”

Os cionn 500 post nua ceadaithe don Ghaeltacht i rith 2014

Anuraidh, cheadaigh Údarás na Gaeltachta líon tograí nua ina gcruthófar 519 post agus ina ndéanfar infheistíocht iomlán measta de bheagnach €42 milliún de réir mar a thagann na tograí sin chun cinn sna cúpla bliain amach romhainn. Is comhlachtaí sna hearnálacha bia, saindéantúsaíocht agus seirbhísí is mó atá le tabhairt faoi na forbairtí beartaithe. Anuas ar sin, tá an píblíne tograí sláintiúil go maith agus beidh an tÚdarás ag súil le tacú le Randox Teo chun a bpleananna dá láthair ar an Chlochán Liath a bhaint amach.

Treochtaí gnó agus Tionchar Eacnamaíoch na gCliantchomhlachtaí

Is comhartha dóchais an fás de 6% a tháinig ar dhíolacháin i gchliantchomhlachtaí an Údaráis ón bhliain roimhe. Léiríonn taighde a rinne *Insight Statistical Consultants* in 2014¹ go bhfuil luach díolacháin de bhreis agus €826 milliún anois ag na comhlachtaí Gaeltachta. D’fhás easpórtáil 6% go €493 milliún, agus tá méadú breise de 4% tuartha don bhliain seo chugainn. Tá fás tagtha ar dhíolachán i gcomhlachtaí san earnáil bia agus deoch, saindéantúsaíocht, agus comhlachtaí atá ag plé le feistis leighis agus ceimiceáin ach go háirithe ag dul ó neart go neart. Leanann an titim i ndíolachán i gcomhlachtaí atá ag feidhmiú san earnáil déantúsaíochta thraidisiúnta. Lena chois sin, déanann cliantchomhlachtaí an Údaráis €417 milliún de chaiteachas díreach i ngeilleagar na tíre seo ar phá-rolla, seirbhísí agus ceannach ábhar.

Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Leanann ról agus tionchar tábhachtach na scéimeanna fostaíochta sóisialta atá á bhainistiú ag an Údarás sa Ghaeltacht. Anuraidh bhí 1,024 rannpháirtí, 50 saoise fostaithe ar 47 scéim

¹ Tá an anailís i dtuarascáil *Insight Statistical Consultants* bunaithe ar na figiúirí as an ABSEI (Tuarascáil um Shuirbhé Bliantúil Gnó ar Thionchar Eacnamaíoch) is déanaí. Rinne an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta an suirbhé *ABSEI* in 2014 ar gach gníomhaireacht forbartha.

ar fud na Gaeltachta.² Tá ról tábhachtach ag na scéimeanna seo ag cur taithí oibre agus traenáil ar fáil do phobal na Gaeltachta. Is fiú os cionn €15 milliún na scéimeanna seo go bliantúil do gheilleagar na Gaeltachta.

Gníomhaíochtaí pleanála teanga

Cuireadh dlús leis an phróiseas pleanála teanga i rith na bliana. Fógraíodh naoi gcinn de Limistéir Pleanála Teanga le linn na bliana agus roghnaíodh naoi gCeanneagraíocht le tabhairt faoi phleananna teanga a ullmhú agus a fheidhmiú sna ceantair sin. Oibreoidh na Ceanneagraíochtaí go dlúth leis an Údarás agus le grúpaí pobail a bhfuil tionchar ag a gcuid imeachtaí ar chaomhnú agus ar bhuanú na Gaeilge sa Ghaeltacht. Teastaíonn cur chuige comhtháite atá bunaithe ar dhea-chleachtas pleanála teanga chun pobal teanga a neartú. Tá comhoibriú agus rannpháirtíocht an phobal, an Stáit agus na n-earnálacha príobháideacha agus deonacha ríthábhachtach chun an sprioc seo a bhaint amach.

Fógraíodh liosta de bhailte a d'fhéadfadh a bheith aitheanta mar Bhailte Seirbhíse Gaeltachta i mí na Nollag. Is é Údarás na Gaeltachta, má tá an baile lonnaithe sa Ghaeltacht, nó Foras na Gaeilge, i gcás baile atá lonnaithe taobh amuigh den Ghaeltacht, a bheidh ag lorg eagraíochtaí sna bailte sin maidir le hullmhú agus feidhmiú pleananna teanga. Díreofar ar dtús ar chathair na Gaillimhe, ar Leitir Ceanainn agus ar Dhaingean Uí Chúis.

Dúirt Anna Ní Ghallachair, Cathaoirleach an Údaráis, go raibh dul chun cinn nach beag déanta in 2014 maidir leis an phróiseas pleanála teanga: “Tar éis tréimhse réamh-ullmhúcháin a bhain le bunú struchtúir agus leagan síos próiseas le cúpla bliain anuas, tá Ceanneagraíochtaí i mbun oibre anois le pleananna teanga a réiteach do na Limistéir Pleanála Teanga atá fógartha.”

Thagair sí fosta do na dúshláin a bhaineann leis: “Is próiseas casta é an próiseas pleanála teanga. Is dúshlán don Stát agus don Údarás é creimeadh na Gaeilge sa Ghaeltacht a stopadh agus borradh a chur faoi úsáid agus forbairt na teanga. Ach ní bhaineann ceist na teanga sa Ghaeltacht le Roinn amháin Stáit (An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta)

² Déanann Údarás na Gaeltachta bainistiú agus riaradh ar *An Scéim Fostaíochta Pobail, An Scéim Shóisialta Tuaithe, Tús* agus *Tús Nua*, atá maoinithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

ná leis an Údarás amháin. Baineann an próiseas pleanála teanga go dlúth agus go dílis le réimsí forbartha eacnamaíochta agus sóisialta, le gnóthaí riaracháin agus leis na cláir oibre a reáchtálar faoi choimirce Ranna eile Stáit - an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Sláinte agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ach go háirithe. Tá gá le comhpháirtíocht, le cur chuige comhtháite agus tiomanta, agus comhoibriú idir na gníomhaireachtaí ábhartha Stáit agus na pobail áitiúla lena chinntiú go gcuirfear na tacaíochtaí cuí ar fáil le cur le líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa Ghaeltacht agus le cur le húsáid na Gaeilge mar theanga phobail mar atá leagtha síos sa reachtaíocht”, a dúirt sí.

Fócas do 2015

In 2015, leanfaidh an tÚdarás air ag maoiniú réimse de thionscadail a bhaineann le forbairt fiontraíochta agus cruthú fostaíochta, le béim ar leith ar micreathionscadail agus comhlachtaí atá ag tosú as an nua. Fáiltíonn an tÚdarás roimh thiomantas athnuaite an Rialtais i leith forbairt réigiúnach na tíre ina iomláine, agus leanfaidh muid ar aghaidh inár n-iarrachtaí, i gcomhair lenár gcomhghleacaithe i bhFiontraíocht Éireann agus an Gníomhaireacht Forbartha Tionscail (Eire), le infheistíocht shuntasach soghluaiste a mhealladh chuig an Ghaeltacht.

Léiríonn taighde idirnáisiúnta go bhfuil fáil ar fhoirgintí oiriúnacha mar chuid lárnach den chinneadh a dhéanann infheisteoirí maidir le lonnú gnó. Leanfaimid leis an obair athchóirithe agus athfhorbartha ar mhaoin an Údaráis in 2015, agus é mar aidhm againn foirgintí d’ardchaighdeán a bheith ar fáil do chliant nua agus reatha, do chomhlachtaí ag gach staid de ghnó, i ngach earnáil.

Tá *Slí Fhiáin an Atlantaigh*, le tacaíocht ó Fáilte Éireann, ar cheann de na tionscnaimh turasóireachta is rathúla le blianta beaga anuas. Le níos mó ná an ceathrú cuid den tSlí, atá 2,500 km ar fhad, ag dul tríd an Ghaeltacht, beidh an tÚdarás ag díriú ar thacaíocht a thabhairt dár gcliant agus iad ag cur chun cinn *Slí Fhiáin an Atlantaigh* trí tháirgí nuálaíocha agus mealltacha a chur ar fáil a léiríonn uathúlacht na Gaeltachta don chuariteoir. Tá an tÚdarás ag súil go leanfar leis an fhorbairt ar Chultúrlann Chonamara, ionad cuairteoirí ag *Teach an Phiarsaigh* i Ros Muc, Conamara. Ní amháin go ndéanfaidh an t-ionad cuairteoirí seo comóradh ar cheann de cheannairí Éirí Amach 1916, ach cuirfidh sé suíomh

tarraingteach ar fáil do chuirteoirí, agus beidh sé mar cheann de na tograí stairiúla ar *Shlí Fhiáin an Atlantaigh* a rachaidh chun leasa an phobal áitiúil chomh maith leis an réigiún thart timpeall air.

Leanfaidh an tÚdarás air ag cur i bhfeidhm an phróisis pleanála teanga in 2015 sna Limistéir Pleanála Teanga atá fós le fógairt agus cuirfear tús leis an phróiseas sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta aitheanta go dtí seo.

ATHBHREITHNIÚ DE RÉIR AN CHEANTAIR GHAELTACHTA

Gaeltacht Dhún na nGall

Cruthaíodh 280 post nua i nGaeltacht Dhún na nGall in 2014. Sin ardú 30% ar an méid a cruthaíodh an bhliain roimhe sin agus an líon is airde ó bhí 2008 ann. Cruthaíodh poist nua i gcomhlachtaí ar fud Ghaeltacht Thír Chonaill ar nós Arán Ard Teo, Ard a Rátha; Radox Teo, An Clochán Liath; R.A. Pacáistí Teo agus Euroflex Teo, Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair; Comhlacht Iascaireachta Fánaid Teo, Fánaid; Snáth Dhún na nGall Teo agus Oileán Glas Teo, Cill Charthaigh. Cuireadh tús le deich ngnó úr i rith na bliana agus bhí os cionn scór fostaithe cheana féin sna gnóthaí sin faoi dheireadh na bliana.

Ach ar an droch uair, chaill comhlachtaí poist le linn na bliana, agus nuair a thógtar an líon post a cailleadh, fághtar an líon post atá ann faoi láthair ag an leibhéal céanna leis an bhliain roimhe, le 1,942 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Dhún na nGall ag deireadh na bliana.

Cé go gcailltear líon áirithe post gach bliain, de réir mar thagann athruithe ar ghnóthaí agus san aeráid eacnamaíochta, anuraidh tharla líon ard de na cailliúintí sin ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair. Le linn 2014 chuir an comhlacht Largo Foods deireadh le táirgeacht sa mhonarcha a bhí aige i nGaoth Dobhair agus d'aistrigh sé a tháirgeacht chuig planda an

chomhlachta i gCill Dhéagláin i gCo. na Mí. Bhí 110 duine fostaithe go lánaimseartha agus 30 duine go páirtaimseartha sa ghnó. Lena chois sin d'aistrigh Spinvox Teo/Nuance a ghnó go Londain le cailliúint de 14 post agus lig Gairméidí Caomhnaithe Dhún na nGall Teo (SIOEN) le 10 dá bhfostaithe i rith na bliana. Is buille trom é seo don cheantar. Ghlac beagnach 50 d'fhostaithe Largo leis an deis oibriú in aonad táirgeachta an chomhlachta i gCill Dhéagláin. Tuigtear dúinn chomh maith go bhfuil poist faighte ag roinnt eile de na hiar-fhostaithe i gcliant-chomhlachtaí eile an Údaráis sa cheantar.

Mar thoradh ar an méid ard daoine a chaill poist sa cheantar, bhunaigh an tÚdarás grúpa oibre le dul i mbun plean gníomhaíochta a dhíreoidh ar thograí fiontraíochta nua a aimsiú agus a mhealladh le lonnú in Iarthuaisceart Dhún na nGall, agus deiseanna nua fostaíochta a chruthú. Beidh an Fóram Forbartha Fiontraíochta ag tuairisciú ar a chuid oibre ag tús mhí Mhárta na bliana seo.

Is ábhar mór dóchais é an fógra a rinne Radox Teo anuraidh go bhfuil sé beartaithe acu infheistíocht shuntasach de €25milliún a dhéanamh ina n-áis ghnó ar an Chlochán Liath agus an líon post a mhéadú go 540 faoi 2020. Tá an tÚdarás tiomanta do leanúint ag obair le Radox ar a straitéis fhorbartha agus ar an fhís atá acu an t-aonad ar an Chlochán Liath a fhorbairt mar áis thaighde agus déantúsaíochta den chéad scoth. Cruthóidh an infheistíocht seo réimsí leathana fostaíochta a chuirfidh deiseanna suntasacha ar fáil do lucht oibre na Gaeltachta sna blianta amach romhainn.

Tograí Nua

Anuas ar sin, cheadaigh an tÚdarás líon tograí úra do Ghaeltacht Dhún na nGall anuraidh ina mbeidh 124 post nua á gcruthú iontu agus infheistíocht iomlán de os cionn €6.5 milliún beartaithe nuair a bheidh na tograí sin faoi lán seoil.

Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Bhí 327 duine fostaithe ar scéimeanna fostaíochta sóisialta i nGaeltacht Dhún na nGall ag deireadh na bliana, scéimeanna atá á mbainistiú agus á riaradh ag an Údarás agus atá á maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Pleanáil Teanga

I rith na bliana, fógraíodh naoi Limistéar Pleanála Teanga (LPT) ar fud na Gaeltachta agus bhí trí cinn acu sin i nGaeltacht Thír Chonaill. Lorgaíodh iarratais ó eagraíochtaí/grúpaí pobail a bheadh sásta dul i mbun na hoibre seo agus roghnaíodh Ceanneagraíochtaí le tabhairt faoi phleananna teanga a réiteach do na trí Limistéar Pleanála Teanga sin. Is é Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair Teo. a bheidh ag feidhmiú mar Cheanneagraíocht in LPT *Gaoth Dobhair, Rann na Feirste, Anagaire agus Loch an Iúir*; Pobal Eascarrach Teo., An tSean Bheairic Teo. & Coiste Pobail Ghort a' Choirce a bheidh ag feidhmiú i dteannta a chéile mar Cheanneagraíocht in LPT *Cloich Chionnaola, Gort an Choirce, An Fál Carrach agus Machaire Rabhartaigh*; agus Lár Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille Teoranta ag feidhmiú mar Cheanneagraíocht in LPT *Dún na nGall Theas*. Tá tréimhse suas go dhá bhliain ag na ceanneagraíochtaí seo le plean teanga a ullmhú dá gceantar.

Gaeltacht Mhaigh Eo

Cruthaíodh 64 post nua i nGaeltacht Mhaigh Eo in 2014. Bhí 685 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Mhaigh Eo ag deireadh na bliana, glanlaghdú de 43 post ar an bhliain roimhe. Cé go raibh titim 107 post i nGaeltacht Mhaigh Eo le linn na bliana, léiríonn anailís ar na figiúirí nach cailliúintí poist a bhí i gceist leo go léir agus gur aistrigh 70 post go suíomhanna eile taobh amuigh den Ghaeltacht de bharr chúinsí oibre comhlacht amháin.

Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Bhí 211 duine fostaithe chomh maith ar scéimeanna fostaíochta sóisialta i nGaeltacht Mhaigh Eo ag deireadh na bliana. Tá na scéimeanna seo á mbainistiú agus á riaradh ag an Údarás agus tá siad á maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Pleanáil Teanga

Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an phróiseas pleanála teanga i nGaeltacht Mhaigh Eo in 2015 nuair a bheidh an chéad ghrúpa eile de Limistéir Pleanála Teanga fógartha ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Gaeltacht na Gaillimhe

Cruthaíodh 271 post nua i nGaeltacht na Gaillimhe in 2014, an líon is airde post ó bhí 2009 ann. Nuair a thógtar líon na bpost a cailleadh san áireamh, bhí glanmhéadú de 94 post i gceist ar an bhliain roimhe. Bhí 2,835 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht na Gaillimhe ag deireadh na bliana.

Cruthaíodh poist nua i rith na bliana go príomha i gcomhlachtaí atá ag feidhmiú sna hearnálacha feistí leighis, bia agus deoch, saindéantúsaíocht agus seirbhísí. Cailleadh an chuid is mó de na poist i gcomhlachtaí a bhí ag feidhmiú sna tionscail seirbhísí agus déantúsaíochta. Tháinig titim ar an líon poist in earnáil na meáin le linn na bliana. Bíonn suas agus síos ar fhostaíocht san earnáil seo ag brath ar thréimhsí coimisiúnaithe agus sceidil léiriúcháin, agus táthar ag súil le fás san fhostaíocht san earnáil seo arís le linn 2015 nuair a chuirfear tús le roinnt tograí nua atá á bpleanáil faoi láthair.

Arramara Teo

D'fhógair an tÚdarás i rith na bliana go raibh a scaireanna sa chomhlacht próiseála feamainne Arramara Teoranta aistrithe chuig an chomhlacht idirnáisiúnta, Acadian Seaplants Limited. D'fhógair Acadian Seaplants go bhfuil sé chun infheistíocht de €2 mhiliún a dhéanamh sa ghnó agus go ndéanfar infheistíocht bhreise eile sa todhchaí i ngníomhaíochtaí ar nós taighde, forbairt táirgí breisluacha, margaíocht, próisis nua agus caiteachas caipitil. Leanfaidh an tÚdarás air ag obair i gcomhpháirtíocht le Acadian Seaplants Limited leis an earnáil feamainne a fhorbairt ar mhaithe le pobal na Gaeltachta agus na páirtithe leasmhara go léir.

Tograí Nua Ceadaithe

Ceadaíodh líon suntasach tograí nua i rith na bliana i nGaeltacht na Gaillimhe. Táthar ag súil go gcruthófar 182 post nua agus go ndéanfar infheistíocht de os cionn €22 milliún nuair a bheidh na tograí atá beartaithe faoi lán seoil.

Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Bhí 368 duine fostaithe chomh maith ar scéimeanna fostaíochta sóisialta i nGaeltacht na Gaillimhe ag deireadh na bliana. Tá na scéimeanna seo á mbainistiú agus á riaradh ag an Údarás agus tá siad á maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Teach an Phiarsaigh

Cheadaigh an Rialtas soláthar do Chultúrlann Chonamara ag suíomh Theach an Phiarsaigh faoina phacáiste spreagthaí caipitil. Cuireadh maoiniú de €500,000 ar fáil in 2014 ó Chlár Cuimhneacháin 1916 agus tá €1.5 milliún ar fáil don togra in 2015-2016. Ghlac an tÚdarás ceannaireacht ar an chéad phas den fhorbairt i gcomhar leis na páirtithe leasmhara chun a chinntiú go gcuirfear tús leis an obair riachtanach dheartha agus phleanála. Táthar i lár próisis phleanála faoi láthair agus tá súil le cinneadh dearfach roimh dheireadh na míosa. Leanfaidh an tÚdarás air ag obair le Fáilte Éireann agus le páirtithe leasmhara eile le h-iarraicht a dhéanamh teacht ar an soláthar iomlán caipitil atá riachtanach leis an togra a thabhairt chun críche.

Pleanáil Teanga

I rith na bliana, fógraíodh naoi Limistéar Pleanála Teanga (LPT) ar fud na Gaeltachta agus bhí trí cinn acu sin i nGaeltacht na Gaillimhe. Lorgaíodh iarratais ó eagraíochtaí/grúpaí pobail a bheadh sásta dul i mbun na hoibre seo agus roghnaíodh Ceanneagraíocht le tabhairt faoi pleananna teanga a réiteach do na trí Limistéar Pleanála Teanga. Is é Fóram Chois Fharraige um Phleanáil Teanga a bheidh ag feidhmiú mar Cheanneagraíocht in LPT *Chois Fharraige*; Comharchumann Mhic Dara Teo a bheidh ag feidhmiú mar Cheanneagraíocht in LPT *An Cheathrú Rua*; agus Comhairle Ceantar na nOileán Teo. a bheidh ag feidhmiú mar Cheanneagraíocht in LPT *Ceantar na nOileán*. Tá tréimhse suas go dhá bhliain ag na ceanneagraíochtaí seo le plean teanga a ullmhú dá gceantar.

Gaeltacht na Mí

Cruthaíodh 27 post nua i nGaeltacht na Mí anuraidh, agus nuair a thógtar líon na bpost a cailleadh san áireamh bhí glanmhéadú de 19 post i gceist. Bhí 186 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht na Mí ag deireadh na bliana.

Tháinig fás ar an leibhéal fostaíochta sna comhlachtaí Faughan Foods Ltd , Turmec Teo agus MK Innealtóireacht Teo agus bunaíodh comhlacht nua, Clearplas, ina bhfuil ceathrar fostaithe cheana féin. Tá sprioc ag an chomhlacht sin 19 a bheith fostaithe sa ghnó nuair atá sé faoi lán seoil. Lena chois sin, ceadaíodh tograí nua i rith na bliana ina gcruthófar 40 post nua agus ina ndéanfar infheistíocht de gar de €2 mhilliún nuair a bheidh na forbairtí atá beartaithe acu curtha i gcrích.

Gaeltacht Chiarraí

Cruthaíodh 38 post nua i nGaeltacht Chiarraí in 2014. Cruthaíodh na poist nua seo i gcomhlachtaí atá ag feidhmiú sna tionscail seirbhísí agus saindéanúsaíochta don chuid is mó. Nuair a thógtar san áireamh an líon post a cailleadh, bhí glanchaillteanas de 12 post san iomlán ann. Bhí 671 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Chiarraí ag deireadh na bliana.

Is údar dóchais é an líon tograí nua a ceadaíodh i rith na bliana. Táthar ag súil go gcruthófar 78 post nua agus go ndéanfar infheistíocht iomlán de os cionn €5 milliún iontu nuair a bheidh na tograí sin faoi lán seoil.

Forbairt ar aonaid tháirgeachta bia

Cuireadh obair athchóirithe i gcrích ar dhá aonad ghnó i bPáirc Ghnó na Coille agus ceadaíodh soláthar airgid chun obair athchóirithe a dhéanamh ar cheithre aonad eile ar an bPáirc chun iad a chur in oiriúnt do thograí táirgíochta bia atá á láimhseáil faoi láthair. Nuair a bheidh an obair sin críochnaithe agus na gnóthaí bia lonnaithe iontu, bheadh súil go mbeadh idir 12-15 duine ag obair i ngnóthaí táirgíochta bia i bPáirc Ghnó na Coille.

Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Bhí 91 duine fostaithe ar scéimeanna fostaíochta sóisialta i nGaeltacht Chiarraí ag deireadh na bliana. Tá na scéimeanna seo á mbainistiú agus á riaradh ag an Údarás agus tá siad á maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Lárionad Forbartha Gaeilge agus Gaeltachta

Cuireadh críoch leis an obair fhorbartha ar Lárionad Forbartha Gaeilge agus Gaeltachta i mBaile an Fheirtéaraigh ag deireadh na bliana ar chostas iomlán de €3.4 milliún. Is comhpháirtíocht é an togra seo idir Údarás na Gaeltachta, An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne Teo.

Tá Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne Teo ag glacadh an ionaid seo ar lámh faoi láthair agus osclófar go hoifigiúil é san Earrach. Tá áiseanna naíonra agus seirbhísí réamhscoile; spás oiliúna; agus trí aonad fiontraíochta mar chuid den fhorbairt.

Pleanáil Teanga

I rith na bliana, fógraíodh naoi Limistéar Pleanála Teanga (LPT) ar fud na Gaeltachta agus bhí péire acu sin i nGaeltacht Chiarraí. Lorgaíodh iarratais ó eagraíochtaí/grúpaí pobail a bheadh sásta dul i mbun na hoibre seo. Roghnaíodh Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne Teo mar an Ceanneagraíocht a bheidh ag tabhairt faoi phleananna teanga a réiteach do LPT *Ciarraí Thiar* agus Comhchoiste Ghaeltachtaí Chiarraí Theas Teo mar an Ceanneagraíocht a bheidh ag feidhmiú i LPT *Ciarraí Theas*.

Gaeltacht Chorcaí

Cruthaíodh 33 post nua i nGaeltacht Chorcaí in 2013. Nuair a thógtar san áireamh an líon post a cailleadh, bhí glanmhéadú de 9 bpost san iomlán ann. Bhí 586 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Chorcaí ag deireadh na bliana. Tháinig fás san fhostaíocht i gcomhlachtaí sna hearnálacha saindéantúsaíochta agus bia agus deoch agus cailleadh poist i gcomhlachtaí sna tionscail déantúsaíochta agus closamhairc. Rinne na comhlachtaí Folláin Teo agus Eurofoil Teo forbairtí suntasacha caipitil ar a ngnóthaí le linn na bliana agus cuirfidh sé sin le deiseanna forbartha agus fostaíochta na gcomhlachtaí sa cheantar.

Lena chois sin, ceadaíodh tograí nua i rith na bliana ina gcruthófar 17 post nua agus ina ndéanfar infheistíocht de €1.66 mhilliún nuair a bheidh na forbairtí atá beartaithe acu curtha i gcrích.

Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an phróiseas pleanála teanga i nGaeltacht Mhúscraí in 2015 nuair a bheidh an chéad ghrúpa eile de Limistéir Pleanála Teanga fógartha ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Gaeltacht Phort Láirge

Cruthaíodh 24 post nua i nGaeltacht Phort Láirge le linn na bliana, glanmhéadú de 17 post. Bhí 148 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Phort Láirge ag deireadh na bliana. Bhí an fás san fhostaíocht le feiceáil in earnáil na meáin dhigiteacha don chuid is mó. Ceadaíodh líon tograí nua i rith na bliana ina mbeidh infheistíocht iomlán de bheagnach €4 mhilliún i gceist agus 42 post nua á gcruithú iontu nuair a bheidh na tograí seo faoi lán seoil.

Pleanáil Teanga

I rith na bliana, fógraíodh naoi Limistéir Pleanála Teanga (LPT) ar fud na Gaeltachta agus bhí ceann acu sin i nGaeltacht Phort Láirge. Lorgaíodh iarratais ó eagraíochtaí/grúpaí pobail a bheadh sásta dul i mbun na hoibre seo. Roghnaíodh Comhlucht Forbartha na nDéise Teo mar an Cheanneagraíocht a bheidh ag tabhairt faoi phleananna teanga a réiteach do LPT *Na Déise*.

Críoch

Eolas breise: Siubhán Nic Grianna, Bainisteoir Cumarsáide & Margaíochta
Údarás na Gaeltachta – 091 503219 / 087 2217757 / sng@udaras.ie